Breoite ar Scoil

1-2. Oíche amháin ag an deireadh seachtaine, bhí **oíche siamsaíochta** agam le mo chairde i gclub oíche i lár na cathrach. Bhí an chraic go hiontach! Ag deireadh na hoíche, bhí muid **stiúgtha** leis an ocras agus chuaigh muid go Tigh Mhic Dhónaill.

2-3. Bhí **greim le hithe** agam le mo chara. Ansin, chuaigh mé abhaile. An lá dár gcionn, bhí mé tuirseach traochta. Ní raibh mé ábalta **éirí as** mo leaba. Bhí mé **ag fulaingt mar gheall ar** an oíche mhall amuigh.

3. Ní raibh mé ag iarraidh dul ar scoil mar níor mhothaigh mé i gceart ar chor ar bith, ach ní raibh trua ag mam dom. Bhí na scrúdaithe **ar tí tosnú** agus níor mhaith le mam **go gcaillfinn** iad. Thóg mé an bus ar scoil agus é ag stealladh báistí.



4. Thosaigh na scrúduithe agus bhí mé i mo shuí sa scrúdú Tíreolais. Mhothaigh mé go huafásach. Ní raibh me ábalta an scrúdú a dhéanamh ar chor ar bith. Rinne mé **mo dhícheall**, ach ní raibh mé in ann an páipéar a chríochnú.

5. Ní raibh mé ábalta cur suas leis níos mó. Chuir mé suas mo lámh agus d'iarr mé ar an mhúinteoir dul amach mar go raibh mé **ag streacailt**. Chuaigh mé go dtí oifig an phríomhoide agus dúirt mé go raibh **tinneas goile** orm.



4. Tháinig an dochtúir go dtí an scoil agus scrúdaigh sé mé. Dúirt an dochtúir go raibh nimhiú bia orm. **Dúradh liom filleadh** abhaile agus sos leapa a fháil. Bhí brón orm gur chaill mé an scrúdú ach, mar a deir an seanfhocail: "**Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine**!".